ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

Foras na Gaeilge

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

RAIDIÓ GAEILGE DON ÓIGE
Tuarascáil Taighde

Karen Hall, Stiúrthóir Cuntais
Ipsos
Samhain 2022
karen.hall@ipsos.com

CLÁR AN ÁBHAIR

1 ACHOIMRE FHEIDHMEACH 2

2 CÚLRA & MODHEOLAÍOCHT 4

3 TORTHAÍ 5

3.1 Timpeallacht an Raidió in Éirinn - Sonraí JNLR 5

3.1.1 JNLR agus Spriocphobal na hÓige 6

3.1.2 Gléasanna a Úsáidtear chun Éisteacht leis an Raidió – Sonraí JNLR 9

3.2 An Margadh Fuaime in Éirinn - Sonraí JNLR 10

3.2.1 Úinéireacht Teicneolaíochta 11

3.2.2 Margadh fuaime – Patrúin Seachtainiúla Éisteachta 11

3.2.3 Margadh fuaime – Sciar Ama Caite ag Éisteacht 14

3.2.4 An Timpeallacht Fuaime 15

3.3 An Raidió Gaeilge – Stáisiún Óige atá Beartaithe 17

3.3.1 Patrúin Éisteachta Reatha agus Nithe a Spreagann Rogha Stáisiúin 17

3.3.2 Feasacht ar na Stáisiún Gaeilge Reatha 18

3.3.3 Freagairt don Stáisiún Gaeilge Óige atá Beartaithe 19

1 ACHOIMRE FHEIDHMEACH

Cuimsíonn an tuarascáil seo torthaí Chéim 1 de thionscadal taighde dhá chuid, arb é is aidhm leis aige dearcthaí sampla ionadaíoch náisiúnta as measc an aoisghrúpa 15-34 in Éirinn a fhiosrú, i dtaca le seirbhís raidió Gaeilge hibrideach atá beartaithe don óige. Áirítear sa tuarascáil athbhreithniú ar shonraí tánaisteacha a foilsíodh i dtaca le margadh raidió na hÉireann (sonraí JNLR) chomh maith le hanailís ar shuirbhé cainníochtúil saincheaptha a rinneadh i measc an spriocghrúpa.

Trí mheastóireacht a dhéanamh ar choincheap seirbhís raidió Gaeilge don óige, sainaithníodh leis an suirbhé an leibhéal suntasach suime a léiríodh sa stáisiún nua atá beartaithe, ach na coinníollacha cearta a bheith ann - mar atá, stáisiún a sheinneann *níos mó* den cheol *ceart*, a chlúdaíonn ceisteanna atá tábhachtach don spriocghrúpa agus, a mbeadh féidearthacht ann é a bheith saor ó fhógraí. Thairis sin, insíonn na sonraí foilsithe dúinn go bhfuil margadh na hóige an-ghafa le hábhar fuaime agus go bhfuil an raidió fós i dtús cadhnaíochta mar fhormáid i measc soláthróirí ábhar fuaime. Is amhlaidh, áfach, go bhfuil margadh an raidió fíor-iomaíoch fós, agus am teoranta ag na héisteoirí le bheith ag éisteacht leis. Mar sin de, níor mhór d'aon stáisiún úr raidió oibriú go crua le dul i gcion ar an sprioc-lucht éisteachta, chun éisteoirí a mhealladh óna rogha sheanbhunaithe de stáisiúin. Cé nach cosúil gur bacainn í an teanga, ar pháipéar, i ndáiríre, is dócha go gcuirfidh sí srian éigin ar tharraingteacht fhéideartha an stáisiúin ar fud an mhargaidh ghinearálta. É sin ráite, ciall amháin a d'fhéadfaí a bhaint as torthaí an taighde is ea go raibh oscailteacht, spéis agus b'fhéidir fonn ann triail a bhaint as stáisiún Gaeilge nua, murab ionann agus aon deimhniú i dtaca le lucht éisteachta nó dílseacht stáisiúin, tar éis an tseolta.

Léiríonn torthaí an tsuirbhé go bhfuil stáisiún raidió roghnachais ag formhór an spriocmhargaidh (arna shainaithint acu mar an stáisiún *is mó* a mbíonn siad *ag éisteacht leis).* Mar atá amhlaidh freisin sna sonraí JNLR a foilsíodh, is é an raidió óige, arb é an sainmhíniú atá air sa chás seo gurb ionann é agus na stáisiúin sin a bhfuil ceadúnas sainiúil acu chun díriú ar mhargadh na hóige, atá sa chéad áit mar fhreagra ar an gceist seo. Is é an rud a spreagann rogha an stáisiúin ná an ceol, gan dabht -– shonraigh níos mó ná leathchuid de fhreagróirí (53%) gurb é an ceol an t-**aon** rud is mó a thaitníonn leo faoin stáisiún roghnachais reatha atá acu.

Nuair a cuireadh síos ar coincheap beartaithe na seirbhíse úire Gaeilge - coincheap a bheadh *bunaithe ar cheol, a sheinnfeadh an ceol agus a chlúdódh an t-ábhar a mbíonn tarraingt mhór orthu i measc lucht éisteachta óige,* dúirt sciar réasúnta (38%) gur dócha go n-éistfidís leis (is é is ciall le héisteacht, go n-éistfidís leis ar a laghad uair sa tseachtain). É sin ráite, nuair a cuireadh critéir shonracha faoina mbráid, i riocht na mbealaí éagsúla trína bhféadfadh an stáisiún nua é féin a idirdhealú ó na stáisiúin óige eile atá ar fáil, is cosúil go méadaíonn an leibhéal suime. Arís, tagann an ceol chun cinn ina phríomhchritéar éigeantach d'éisteoirí, agus ceathrar as gach cúigear ag aontú gur mó seans go n-éistfidís le stáisiún ar a mbeadh *níos mó den cheol a thaitníonn leat ná aon stáisiún eile*. Agus ba mhó seans go n-éistfeadh dhá thrian den sampla *má bhíonn an stáisiún ag caint faoi na ceisteanna atá tábhachtach dóibh.* I ndiaidh tabhairt

isteach na gcritéar sonrach seo agus iad a mheas, rinneadh tomhas in athuair ar an dóchúlacht go n-éistfí leis an stáisiún agus, anois, deir seachtar as gach deichniúr gur dócha go n-éistfidís, is é sin, gur rídhócha nó go bhfuil dóchúlacht éigin ann. Cé gur freagairt an-dearfach é seo, ní mór a bheith cúramach agus ciall á baint as nó is gá breithniú air i gcomhthéacs chúlra na dtreochtaí i dtionscal an raidió agus na n-iompraíochtaí éisteachta agus i gcomhthéacs shrianta na hinniúlachta/na tuisceana ar an nGaeilge i measc an spriocmhargaidh.

Faoi láthair, léiríonn sonraí JNLR go n-éisteann beagnach naonúr as gach deichniúr idir 15-34 bliain d'aois, (87%) leis an raidió ar bhonn seachtainiúil, céatadán arb ionann é agus beagnach 1.1 milliún éisteoir óige. Léiríonn sé seo seasamh inbhuanaithe le haghaidh meán traidisiúnta, go háirithe i gcomhthéacs an mhargaidh fuaime níos leithne, áit a mbíonn an raidió in iomaíocht le formáidí fuaime digiteacha, ar éileamh. De ghnáth, is iad na stáisiúin a bhíonn bunaithe ar an gceol a tharraingíonn an clúdach lucht éisteachta is airde i measc an aoisghrúpa áirithe seo, fíric a leagan béim arís ar thábhacht an tsoláthair ceoil don mhargadh seo. Le cúig bliana anuas, léiríonn an treocht éisteachta sheachtainiúil laghdú de 3 phointe %, luas athraithe atá measartha mall. É sin ráite, nuair a dhéantar tomhas ar éisteoirí laethúla, tá an treocht íslitheach ábhairín níos géire agus laghdú de 8 bpointe % ann sa fhráma céanna cúig bliana sin, rud a fhágann gurb é 69% figiúr na n-éisteoirí laethúla, figiúr atá fós ina thromlach suntasach den mhargadh óige. Thairis sin, cloíonn éisteoirí raidió óga le leibhéal suntasach rannpháirtíochta ar bhonn laethúil, agus iad ag tiúnáil isteach ar feadh níos mó ná trí uair an chloig in aghaidh an lae.

Sa mhargadh fuaime níos leithne, lena n-áirítear an raidió agus ábhar digiteach ar éileamh, léiríonn sonraí a d'fhoilsigh JNLR go bhfuil beagnach gach duine rannpháirteach i measc an aoisghrúpa seo – d'éist 98% le hábhar fuaime éigin le seachtain anuas (ar an meán). Tá an raidió beo fós ar an bhformáid cheannasach agus tagann sruthú ceoil agus YouTube don Cheol díreach ina dhiaidh. Ní éisteann ach aon chúigiú den aoisghrúpa seo lena gcartlann ceoil féin ar bhonn seachtainiúil agus léiríonn treochtaí gurb iad na cartlanna pearsanta ceoil atá thíos leis an bhfás atá tagtha ar an sruthú ceoil, seachas an raidió. Tá forbairt shuntasach tagtha ar an bpodchraoltóireacht le blianta beaga anuas i measc an aoisghrúpa seo – éisteann 35% le podchraoltaí ar bhonn seachtainiúil faoi láthair. Cé go léiríonn sonraí i dtaca le clúdach lucht éisteachta go bhfuil leibhéil shuntasacha ann de dhaoine a éisteann le formáidí fuaime digiteacha (sruthú, podchraoltóireacht srl.), nuair a dhéantar tomhas ar an am a chaitear ag éisteacht leo seo, feicimid go gcoinníonn an raidió beo scair thromlaigh na nóiméad éisteachta laethúla sa mhargadh fuaime (52.1%).

Mar achoimre, tá an chuma ar an scéal go bhfuil an raidió i riocht réasúnta sláintiúil in 2022. É sin ráite, is spás iomaíoch é seo agus bheadh ar aon seirbhís craolacháin nua cur as don status quo ina cuid iarrachtaí aird an spriocmhargaidh a mhealladh agus iad a spreagadh le triail a bhaint as an stáisiún úr. Sa chomhthéacs seo, léiríonn torthaí an taighde leibhéal dearfach suime i gcoincheap na seirbhíse raidió atá beartaithe. Níl an chuma ar an scéal, ar pháipéar, gur aon bhacainn í an teanga, ach an ceol agus an t-ábhar a bheith oiriúnach!

2 CÚLRA & MODHEOLAÍOCHT

Tá leagtha amach ag an BAI ina ráiteas straitéise, a chuid gealltanas chun clársceidealú Gaeilge ardchaighdeánach a chothú agus a chur chun cinn agus béim ar leith ar ábhar do dhaoine óga.[1] Tá conarthaí craolacháin bronnta cheana ag an BAI chun dhá sheirbhís raidió Gaeilge a sholáthar – Raidió na Life, stáisiún pobail sainspéise i mBaile Átha Cliath ann agus Raidió Rí Rá, seirbhís raidió dhigiteach agus FM [2] a dhíríonn ar lucht éisteachta óige. Thairis sin, i gcomhpháirt le Foras na Gaeilge, an comhlacht comhairleach a bhíonn ag plé leis an nGaeilge, tá Coiste Comhairleach bunaithe ag an BAI agus is é an t-aidhm atá aige ná bheith ag tacú le forfheidhmiú Phlean Gníomhaíochta Gaeilge an BAI.

Mar chuid dá phlean oibre in 2021, ghlac an Coiste air iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí i dtaca le seirbhís hibrideach (FM agus digiteach) Gaeilge a bheadh dírithe ar an óige. D'fhonn an aidhm seo a chur chun cinn, choimisiúnaigh an BAI, Foras na Gaeilge agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán tionscadal taighde dhá chéim: cainníochtúil (Céim 1) agus cáilíochtúil (Céim 2).

Dhéanfadh **Céim 1** den taighde iniúchadh **ar dhearcthaí an tsampla ionadaíoch náisiúnta den aoisghrúpa 15-34** in Éirinn ar réimse de thopaicí agus ceisteanna i dtaca leis an éileamh ar sheirbhís hibrideach Gaeilge, ábhar na seirbhíse agus rochtain uirthi.

Dhéanfadh **Céim 2** den taighde iniúchadh **ar dhearcthaí spriocphobal beartaithe na seirbhíse** i.e., cainteoirí dúchais agus líofa Gaeilge agus/nó daoine a bhfuil cumas an-mhaith acu sa Ghaeilge agus a bhainfeadh leas as na meáin Ghaeilge ar bhonn rialta (idir 15-34 bliain d'aois) ar na topaicí céanna mar aon le hiniúchadh níos mionsonraithe a dhéanamh ar an gcineál ábhair ba mhian leis an aoisghrúpa seo ó sheirbhís raidió. Is é Bricolage atá ag tabhairt faoi Chéim 2 den taighde.

Cuimsíonn an tuarascáil seo torthaí Chéim 1. Dhírigh cur chuige beartaithe Ipsos ar an ngné chainníochtúil agus phléigh leis an riachtanas taighde a dhéanamh i measc sampla ionadaíoch ar bhonn náisiúnta den phobal idir 15-34 bliain d'aois. Tugadh faoi shuirbhé gearr saincheaptha ar dhaoine óga trí shuirbhé teileafóin Omnipoll náisiúnta Ipsos. D'fhonn sampla stóinsithe a fháil ón spriocmhargadh, reáchtáladh dhá bhabhta den Omnipoll. Cuireadh beagnach 600 agallamh i gcrích.

In éineacht leis an gcéim seo den phríomhthaighde, chuimsigh céim bhreise athbhreithniú ar shonraí foilsithe/tánaisteach ábhartha. Bailíodh na sonraí tánaisteacha seo ó na sonraí raidió a d'fhoilsigh JNLR agus ó thuarascálacha fuaime Éireannacha JNLR. D'éascaigh na cartlanna seo anailís ar phatrúin reatha éisteachta raidió, agus comparáidí le sonraí treochtaithe, agus cuireann pictiúr ar fáil de shuíomh an raidió sa tírdhreach fuaime níos leithne.

[1] Is féidir teacht ar Ráiteas Straitéise Údarás Craolacháin na hÉireann ag https://www.bai.ie

[2] Éascaítear an soláthar ar FM le conarthaí craolacháin sealadacha de bhun alt 68 den Acht Craolacháin, 2009.

[3] Is féidir tuarascáil Choiste Comhairleach na Gaeilge, 2021 a fháil ag www.bai.ie

3 TORTHAÍ

Mar chuid den tionscadal seo, moladh anailís ar shonraí JNLR chun comhthéacs agus tuiscint a chur ar fáil i dtaca le timpeallacht reatha an raidió in Éirinn. Tacóidh an anailís le torthaí an tsuirbhé shaincheaptha i dtaca le measúnú a dhéanamh ar an spéis a bheadh ag daoine i stáisiún raidió Gaeilge úr don óige agus an inmharthanacht fhéideartha a bheadh ag baint leis.

Is é JNLR suirbhé éisteachta raidió an tionscail a thomhaiseann leibhéil éisteachta gach raidió poiblí agus tráchtála in Éirinn. Tá suirbhé náisiúnta mór i gceist leis an tionscadal, thar na réimsí saincheadúnais raidió ar fad sa tír, i measc daoine fásta in Éirinn (in aois a 15+ bliana). Reáchtáiltear an suirbhé ar fud na bliana, thar an dá mhí dhéag den bhliain, agus go hiondúil, déantar c16,800 agallamh gach bliain. *

I gcomhréir le spriocanna an tionscadail reatha seo, is é béim na hanailíse JNLR ná iompar éisteachta an aoisghrúpa níos óige ó 15-34 bliain d'aois.

3.1 Timpeallacht an Raidió in Éirinn - Sonraí JNLR

Déantar anailís anseo ar shonraí JNLR chun athbhreithniú a dhéanamh ar staid reatha an raidió i measc an spriocmhargaidh agus cuimsítear chomh maith anailís treochta ar phatrúin éisteachta le roinnt blianta anuas. Ar na príomh-mhéadrachtaí a thomhaistear sa suirbhé JNLR, tá clúdach agus scair an lucht éisteachta raidió go ginearálta agus, go háirithe, lucht éisteachta na stáisiún agus na gclár raidió Gaeilge. Tá tuairisciú ann ar ghníomhaíocht éisteachta sheachtainiúil chomh maith.

Ar an iomlán, trasna an phobail ar fad, tá seasamh an-dearfach fós ag an raidió in 2022. Faoi láthair, éisteann ceathrar as gach cúigear in Éirinn, in aois a 15 bliana agus os a chionn, (79%) leis an raidió gach lá. Ardaíonn an céatadán seo go 91% ar bhonn seachtainiúil - beagnach gach duine ag éisteacht leis i measc an phobail. Tá an raidió thíos le caillteanas éigin i dtaca le leibhéal lucht éisteachta thar na blianta, ach ar leibhéal foriomlán, tháinig an caillteanas seo faoi luas measartha mall. Is cuntas teiste suntasach go maith é seo i bhfianaise na n-athruithe atá tite amach i dtimpeallacht na meán, le teacht chun cinn na n-ardán meán sóisialta agus rochtain ar ábhar físiúil agus fuaime, ar éileamh, ar líne.

Is i measc na luchtanna éisteachta níos óige is mó, b'fhéidir, atá na hathruithe san iompraíocht éisteachta le sonrú.

**Chuir Paindéim Covid isteach ar obair allamuigh in 2020 agus 2021, agus mar sin, bhí méid an tsampla ábhairín laghdaithe sna blianta sin.*

3.1.1 JNLR agus Spriocphobal na hÓige

Nuair a bhreathnaítear go sonrach ar sciar na ndaoine níos óige idir 15-34 bliain d'aois, léiríonn an chairt thíos forléargas achomair ar iompraíocht reatha raidió i measc an spriocmhargaidh. Faoi láthair, éisteann beagnach naonúr as gach deichniúr (87%) leis an raidió ar bhonn seachtainiúil. Cé gur figiúr ábhairín níos ísle é seo ná meán *na nDaoine Fásta Ar Fad* náisiúnta, tá sé fós ina sciar ollmhór den spriocphobal agus is ionann é agus beagnach 1.1 milliún duine óg ag tiúnáil isteach ar an raidió gach seachtain. Éisteann seachtar as gach deichniúr (69%) leis an raidió ar ghnáthlá sa tseachtain, agus tiúnálann an lucht éisteachta laethúil seo isteach ar feadh 3 uair agus 22 nóiméad ar an meán, in aghaidh an éisteora.

Thairis sin, ag an deireadh seachtaine, éisteann níos mó ná leath an spriocphobail leis an raidió Dé Sathairn (58%) agus Dé Domhnaigh (52%). Léiríonn sé seo rannpháirteachas suntasach leis an meán, i measc an lucht éisteachta.

Léiríonn an treocht is déanaí laghdú de 3 phointe % ar leibhéil éisteachta sheachtainiúla don raidió thar thréimhse cúig bliana, ó 2018 go 2022, rud a léiríonn luas athraithe measartha mall.



Ó thaobh na rannpháirtíochta laethúla de, éisteann seachtar as gach deichniúr (69%), atá idir 15-34 bliain d'aois, leis an raidió gach lá i rith na seachtaine. Arís, staid an-dearfach don raidió. É sin ráite, thar am, tá laghdú níos mó tagtha ar an lucht éisteachta laethúil i gcomparáid le lucht éisteachta seachtainiúil – ó 2018, laghdú d'ocht bpointe céatadáin. Tugann seo le fios, cé go bhfuil an lucht éisteachta fós rannpháirteach leis an raidió, go bhfuil ábhairín níos mó brú chun luchtanna éisteachta a choinneáil gach lá.

Is i measc an chohóirt is óige den spriocphobal a thuairiscítear na leibhéil is ísle ar an iomlán den éisteacht laethúil, agus freisin, an t-athrú is mó ó 2018. Éisteann 63% de lucht 15-19 mbliana go laethúil, laghdú ó 75% in 2018. Feicfimid níos déanaí sa tuarascáil seo, go bhfuil na grúpaí níos óige níos rannpháirtí ná an meán le formáidí fuaime iomaíocha.

AIMSIÚ LAETHÚIL LUCHT ÉISTEACHTA RAIDIÓ X AOISGHRÚPA

Aimsiú Laethúil Lucht Éisteachta Raidió	2018	2019	2020	2021	2022
	%	%	%	%	%
Gach duine idir 15-34 bliain d'aois	77	74	72	70	69
15-19	75	71	68	66	63
20-24	77	73	69	71	69
25-34	78	75	75	73	71

Foinse: Suirbhé JNLR – gach duine idir 15-34 bliain d'aois

3 – © Ipsos | 22-051796 |BAI Irish Youth Radio Research 2022-JNLR Data Analysis

É sin ráite, in ainneoin laghdú ar leibhéil lucht éisteachta thar am, bíonn éisteoirí raidió sa chohórt aoise seo rannpháirteach leis an raidió ar feadh méid suntasach ama gach lá - faoi láthair, 3 uair an chloig agus 22 nóiméad ar an meán, (202 nóiméad) gach lá. Is méadú d'ocht nóiméad é seo i gcomparáid le 2018 - mar sin, cé go bhféadfadh sé níos lú éisteoirí a bheith ann, caithfear níos mó ama ag éisteacht.

Sna sála ar an bpatrún a tugadh faoi deara leis an lucht éisteachta laethúil, téann líon reatha na nóiméad a chaitear i mbun éisteachta ó 163 nóiméad i measc éisteoirí 15-19 mbliana d'aois, agus 224 nóiméad i measc éisteoirí idir 25-34 bliain d'aois.

Mar shlat tomhais i measc an phobail 15-34 bliain d'aois, lena n-áirítear éisteoirí agus neamhéisteoirí, is ionann an t-am a chaitear ag éisteacht agus 135 nóiméad gach lá in aghaidh an duine sa phobal agus léiríonn sé seo laghdú de 11 nóiméad ó 2018, rud atá ar aon dul leis an treocht sna luchtanna éisteachta raidió (mar atá léirithe thuas). Chun é seo a chur i gcomhthéacs an phobail iomláin in aois a 15 bliana agus os a chionn, is é 200 nóiméad an meánlíon nóiméad a chaitear i mbun éisteachta in aghaidh an duine sa phobal (éisteoirí agus neamhéisteoirí).



Bíonn éisteoirí san aoisghrúpa seo ag éisteacht le meascán de stáisiúin. Ar fud na tíre, éisteann beagnach triúr as gach deichniúr (29%) le stáisiún raidió náisiúnta gach lá. (Ní nach ionadh gurb iad na stáisiúin a dhíríonn ar an gceol, 2FM agus Today FM, atá chun cinn agus an clúdach lucht éisteachta is mó acu i measc na stáisiún náisiúnta). Éisteann níos mó ná an leathchuid den phobal, 52%, le stáisiún réigiúnach nó áitiúil ar bhonn laethúil. Taobh amuigh de Bhaile Atha Cliath agus Corcaigh, clúdaíonn na stáisiúin réigiúnach ar fad, stáisiúin a dhíríonn ar lucht éisteachta óige (Beat FM, Spin Siar ó Dheas agus iRadio), 33% den lucht éisteachta gach lá. I mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh, is iad na stáisiúin a bhfuil an lucht éisteachta laethúil is airde acu ná na stáisiúin a bhfuil ceadúnas óige acu – Spin 1038; Red FM agus, ach ní a oiread céanna, FM104.

3.1.2 Gléasanna a Úsáidtear chun Éisteacht leis an Raidió – Sonraí JNLR

Sa mhargadh raidió, in ainneoin rogha éagsúil na ngléasanna atá ar fáil le haghaidh éisteachta, leanann tromlach den chohórt seo de bheith ag tiúnáil isteach ar ghléas raidió FM (sa bhaile nó sa ghluaisteán) ar bhonn laethúil. I dtaca leis an am a chaitear ag éisteacht, baineann 81% de na nóiméid éisteachta le raidió FM agus 19% de nóiméid éisteachta le gléas digiteach. Cuimsíonn chéatadán seo na ngléasanna digiteacha 8.5% de nóiméid ar ghléas móibíleach, 5.3% ar challaire cliste amhail Alexa nó Google Home agus 4.9% ar ríomhaire/ríomhaire glúine. De ghnáth, caitheann an grúpa seo níos mó ama ag éisteacht le gléasanna digiteacha i gcomparáid leis an bpobal iomlán 15+ bliain d'aois, mar arb ionann an scair chomparáideach dhigiteach agus 10%.



Mar atá amhlaidh le húinéireacht teicneolaíochta, tá forbairt ag teacht ar úsáid na ngléasanna digiteacha chun éisteacht leis an raidió – in 2018, ba ar ghléasanna digiteacha a caitheadh 10.5% den am a caitheadh ag éisteacht leis an raidió, rud a léirigh athrú de +8.5 pointe céatadáin. Léiríonn úsáid leanúnach an raidió FM sa bhaile nó sa ghluaisteán rochtain éasca an raidió ar ghléas níos traidisiúnta, b'fhéidir, agus compord nó a éasca atá sé a bheith ag éisteacht le hábhar ar bhealach neamhdhúshlánach nó measartha éighníomhach. Agus ar ndóigh, níor athraigh stáisiúin raidió tráchtála in Éirinn chuig DAB le linn na céime tástála.

3.2 An Margadh Fuaime in Éirinn - Sonraí JNLR

Mar chuid den suirbhé JNLR, áirítear modúl faoi leith ar an margadh fuaime níos leithne sa suirbhé le haghaidh ráithe amháin atá curtha ar leataobh don obair allamuigh. In 2022, reáchtáladh an modúl seo i Ráithe 2, Aibreán go Meitheamh 2022. Tá an modúl fuaime deartha chun léargas a thabhairt ar iompraíocht luchtanna éisteachta sa timpeallacht seo agus chun tuiscint níos fearr a fháil ar an áit a luíonn an raidió laistigh den tacar iomaíoch. I gcomhthéacs an tsuirbhé, áirítear sa tacar iomaíoch raidió *beo,* éist siar ar an raidió, sruthú ceoil, Youtube don cheol, ceol *'de do chuid féin'* (e.g., dlúthdhioscaí, vinil, íoslódálacha) agus podchraoltóireacht.

Sular aithníodh na patrúin éisteachta a bhain leis na formáidí éagsúla, cuireadh ceist tosaigh faoi úinéireacht teicneolaíochta os comhair freagróirí, rud a éascaíonn dúinn tuiscint níos fearr a fháil ar thimpeallacht an ghrúpa seo agus na sonraí iompraíochta a chur i gcomhthéacs.

3.2.1 Úinéireacht Teicneolaíochta

Tá daoine óga thar a bheith nasctha ó thaobh na teicneolaíochta de. Tá fón cliste ag gach duine agus rochtain ar leathanbhanda ag beagnach gach duine. Faoi láthair, tá callaire cliste ag beagáinín os cionn an leathcuid de na freagróirí dóibh (53%) ar nós Alexa nó Google Home. Is sa teicneolaíocht a bhaineann le callairí cliste a chonacthas an fhorbairt is mó ann le blianta beaga anuas, +40 pointe %, i gcomparáid le 2018. Éascaíonn úinéireacht na teicneolaíochta rochtain ar ábhar fuaime.

Cé gur díríodh an chuid seo den suirbhé ar fhormáidí Fuaime, cuireadh ceist san áireamh faoi shíntiúis le seirbhísí físe ar éileamh sa mhír seo. Tugann seo nod dúinn faoi ghníomhaíocht i margadh comhthreomhar an ábhair físe, margadh atá ag dul in iomaíocht le haghaidh scair den am le spriocphobail na hÉireann, go háirithe spriocphobail níos óige. Léiríonn na sonraí go bhfuil seirbhís teilifíse ar líne, amhail Netflix nó Disney+, ag 91% de dhaoine óga, móide 16 phointe % i gcomparáid le 2018.



3.2.2 Margadh fuaime – Patrúin Seachtainiúla Éisteachta

Ó thaobh iompraíocht éisteachta de, bíonn beagnach gach duine de chuid an phobail i gcoitinne rannpháirteach leis an margadh fuaime ar bhonn seachtainiúil. Is fíor dó seo freisin maidir leis an aoisghrúpa 15-34 bliain d'aois – d'éist 98% den ghrúpa seo le formáid fuaime éigin le seachtain anuas. Tá an raidió *beo* ina fhormáid cheannasach agus 87% den spriocghrúpa ag tiúnáil isteach chun éisteacht le raidió *beo* ar bhonn seachtainiúil.

Nuair a chuirtear na formáidí digiteacha ar fad le chéile (ag fágáil 'ceol de do chuid féin' ar lár), éisteann sciar den mhéid chéanna (87%) le fuaim ar éileamh, ar líne, ar bhonn seachtainiúil. Is é an sruthú ceoil é (mar shampla Spotify nó a chomhionann) an chéad fhormáid eile a éistear leis

(72%) i ndiaidh an raidió agus tagann Youtube don cheol ina dhiaidh sin (58%). Bíonn tarraingt níos mó ar na formáidí seo i measc na ndaoine idir 15-24 bliain d'aois.

Éisteann aon-chúigiú den ghrúpa seo leis an gceol ina gcartlann féin fós (cuirtear síos ar *cheol de do chuid féin* mar dlúthdhioscaí, vinil agus rianta digiteacha).



Mar a chonacthas níos luaithe leis na sonraí JNLR, tá an raidió *beo* thíos le laghdú san éisteacht le blianta beaga anuas ach tháinig sé seo ag luas an-mhall, go háirithe bunaithe ar mhéadracht na héisteachta seachtainiúla (le seachtain anuas). É sin ráite, sa tréimhse ama chéanna, tá forbairt measartha gasta tagtha ar luchtanna éisteachta sruthaithe ceoil (+29 pointe %). Thar aon ní eile, níl an raidió thíos leis an bhfás ar an sruthú ceoil – go deimhin, tá an sruthú ceoil tar éis áit cartlanna ceoil daoine a ghlacadh, 21% den éisteacht sheachtainiúil i láthair na huaire (-35 pointe %). Tá dlús curtha ag an teicneolaíocht leis an athrú ar an mbealach a n-úsáideann daoine óga a gcuid ceoil féin, agus níos mó díobh ag roghnú teicneolaíocht sruthaithe ná riamh. Tá an patrún céanna seo ann trasna an phobail iomláin, ach tá an luas athraithe níos géire i measc an ghrúpa níos óige.

Is í an fhormáid eile a bhfuil forbairt shuntasach le sonrú léi ná an phodchraoltóireacht – éisteann níos mó ná aon trian den spriocphobal (35%) le podchraoladh ar bhonn seachtainiúil, (+20% ó tosaíodh á tomhas in 2019). Éisteann 27% le podchraoladh Éireannach and 22% le podchraoladh idirnáisiúnta. Níor athraíodh an sciar a éisteann le YouTube don cheol (58%), a bheag nó a mhór, thar na ceithre thuarascáil. Ní éisteann ach duine as gach deichniúr siar ar chlár raidió Éireannach agus tá an sciar sin seasmhach le himeacht ama.

MARGADH FUAIME - TREOCHT ÉISTEACHTA SHEACHTAINIÚIL

Gach duine idir 15-34 bliain d'aois

GACH DUINE IDIR 15-34 BLIAIN D'AOIS	2018	2019	2021	2022
	%	%	%	%
Raidió Beo	92	88	88	87
Sruthú Ceoil	43	52	68	72
Ceol YouTube	n/b	59	60	58
A gCeol Féin	56	54	28	21
Éisteacht Siar	n/b	9	8	9
Aon Phodchraoladh Ar Bith	n/b	15	27	35

Foinse: Suirbhé JNLR Modúl Fuaime – Gach duine idir 15-34 bliain d'aois

8 – © Ipsos | 22-051796 |BAI Irish Youth Radio Research 2022-JNLR Data Analysis

I measc na n-éisteoirí podchraoladh rialta (éisteoirí seachtainiúila) is é seo a leanas na 5 sheánra is mó a bhfuil tóir orthu:

- Ceol (38%)
- Greann (34%)
- Spórt (30%)
- Siamsaíocht (raidió, teilifís, cluichíocht srl.) (24%)
- Cláir faisnéise (20%).

Ar na réimsí spéise eile, tá Sláinte agus Folláine, Nuacht, Polaitíocht, Cúrsaí reatha, Stíl mhaireachtála agus Folláine.

3.2.3 Margadh fuaime – Sciar Ama Caite ag Éisteacht

Bhog an t-agallamh ar aghaidh agus dhírigh sé ar an éisteacht inné (go laethúil) agus an t-am a mheastar a chaith freagróirí ag éisteacht le formáidí fuaime éagsúla. Cé go léiríonn sonraí lucht éisteachta go n-éisteann níos mó ná an leathchuid den spriocmhargadh le sruthú ceoil ó inné (meán laethúil), i dtaca le tomhas an ama a chaitear ag éisteacht, tagann pictiúr éagsúil chun cinn.



Ar an tomhas seo, is ag an raidió beo atá tromlach den sciar éisteachta, mar atá, 52.1% den am a chaitear ag éisteacht. Tá sciar de 26.1% ag an sruthú ceoil agus 11.8% ag YouTube don cheol. Cé go léiríonn na sonraí seo laghdú ar sciar an raidió *bheo* ón tuairisc dheireanach in 2021 (síos 6.6%) léiríonn sé, cé go bhfuil tóir ar fhormáidí ar éileamh agus cé go meallann siad lucht éisteachta móra, ó thaobh rannpháirtíochta de, go bhfuil na formáidí seo fós ar chúl an raidió beo.

3.2.4 An Timpeallacht Fuaime

I measc an mhargaidh óige seo, is é an gléas is mó a úsáidtear don ábhar Fuaime ná an fón cliste – d'úsáid 61% an fón cliste *inné* agus iad ag éisteacht (9 bpointe % i gcomparáid le 2021). D'úsáid beagáinín os cion leath (52%) seinnteoir raidió/ceoil. Úsáidtear an fón cliste go háirithe le haghaidh formáidí ar éileamh, agus tagann an chuid is mó den ghníomhaíocht seo as sruthú ceoil. Éisteann sciar beag den aoisghrúpa seo leis an raidió beo trína bhfóin Chliste (13%).



Tarlaíonn an chuid is mó den ghníomhaíocht éisteachta sa bhaile, beag beann ar an bhformáid. D'éist trí cheathrú den ghrúpa seo (74%) le hábhar fuaime sa bhaile inné (meán laethúil). Seo an sciar céanna leis an ngnáthphobal (daoine in aois a 15+ bliana). D'éist 40% sa ghluaisteán, an dara suíomh is mó a úsáideadh i measc an ghrúpa seo (arís sciar atá ar aon dul leis an ngáthphobal). Is mó a éisteann daoine níos óige le hábhar fuaime nuair a bhíonn siad ag siúl/ag rothaíocht nó ag rith (17%) agus nuair a bhíonn siad ag obair/ar scoil/ar an gcoláiste (14%).



Is é an raidió beo an fhormáid is mó i dtimpeallacht an ghluaisteáin - d'éist 34% den ghrúpa seo leis an raidió sa ghluaisteán. Agus iad ag siúl/ag rothaíocht, bíonn 11% ag éisteacht le sruthú ceoil agus bíonn 5% ag éisteacht le raidió beo.

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar na sonraí suímh seo, is fiú a bheith meabhrach ar an modh iompair is minice a úsáideadh agus daoine ag taisteal/ag dul ó áit go háit. Léiríonn ceist a cuireadh in 2021 go n-úsáideann 74% de dhaoine idir 15-34 bliain d'aois gluaisteán, mar thiománaí nó mar phaisinéir, i gcomparáid le 9% a úsáideann iompar poiblí agus 14% a shiúlann.

3.3 An Raidió Gaeilge – Stáisiún Óige atá Beartaithe

Choimisiúnaigh an BAI staidéar neamhspleách chun tomhas a dhéanamh ar an bhfreagairt a bheadh ann do stáisiún raidió úr Gaeilge atá beartaithe a bheadh dírithe go sainiúil ar an lucht éisteachta óige. Rinneadh an suirbhé gearr seo tríd an tseirbhís shindeacáite Omnipoll de chuid Ipsos, ag díriú ar shampla de lucht 15-34 bliain d'aois ar fud na tíre. Reáchtáladh an suirbhé trí agallamh teileafóin. Táthar le hathbhreithniú a dhéanamh ar na torthaí i gcomhthéacs na sonraí i dtaca le hiompraíocht agus timpeallacht raidió a bailíodh ó chroí-shuirbhé JNLR agus ón Modúl Fuaime.

3.3.1 Patrúin Éisteachta Reatha agus Nithe a Spreagann Rogha Stáisiúin

Chun an bealach a réiteach, cuireadh ceist ar fhreagróirí i dtosach báire faoina bpatrúin éisteachta reatha. Chuir trí cheathrú den spriocshampla an stáisiún *is minice a n-éisteann siad leis* in iúl ag tús an agallaimh. Cé nach bhfuil an cheist go díreach mar an gcéanna le JNLR, is dócha gur léiriú cothrom é seo ar ghníomhaíocht éisteachta raidió de réir an eolais atá againn faoin margadh raidió. Ar ndóigh, tagann an raidió óige* chun cinn san áit thosaigh i dtaca leis an stáisiún is mó a n-éistear leis – 31%. Tagann stáisiúin náisiúnta sa chéad áit eile, agus RTE 2FM agus Today FM chun cinn, agus 27% de dhaoine á lua agus, ina dhiaidh sin, tá stáisiúin áitiúla ag 25%. (Ó thaobh na stáisiún áitiúla de, áirítear na stáisiúin áitiúla ar fad i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh sna sonraí seo, mar sin tá forluí ann leis na stáisiúin óige atá luaite thuas). Luaigh 6% de fhreagróirí stáisiúin áitiúla i gceantair áitiúla.



**Cuimsíonn raidió óige sa chomhthéacs seo Beat/Spin SW/iRadio/FM104/Spin 1038/Red FM*

I measc an chohóirt seo den phobal, is é an ceol an rud is mó a spreagann daoine chun éisteacht leis an stáisiún roghnachais. Pé acu rogha an cheoil a sheinntear ar an stáisiún raidió, an méid ceoil a sheinntear nó seánra an cheoil a oireann dóibh, is é an ceol an rud is minice a luaitear mar chúis éisteachta.

Nuair a iarradh orthu rud **faoi leith**, go háirithe, a thaitníonn leo faoina stáisiún roghnachais a shonrú, luann beagáinín os cionn an leathchuid de na freagróirí (53%) ceol. Ina dhiaidh sin, i bhfad ón gcéad áit, luann beagáinín os cionn duine as gach deichniúr (13%) na láithreoirí go ginearálta agus i gcásanna áirithe, ainmníodh na daoine mór le rá a thaitníonn leo. Tagann an nuacht, na cláir, siamsaíocht agus comhrá chun cinn, ach ní a oiread céanna. (É sin ráite, luann an grúpa níos sine, idir 30-34 bliain d'aois, na spreagthaí seo níos minice ná mar a mbeifí ag dúil leis, ar an meán). Ar an iomlán, i measc an ghrúpa 15-34 bliain d'aois go ginearálta, is dócha go gcuirtear síos don ábhar nach ceol é agus go mbaintear sult as, mar ábhar leanúnachais idir an ceol.



3.3.2 Feasacht ar na Stáisiún Gaeilge Reatha

Bhog an t-agallamh ar aghaidh chun leibhéal feasachta ar stáisiúin Ghaeilge a dhéanamh amach. D'aithin sciar measartha suntasach, 31%, Raidió na Gaeltachta go spontáineach. Níor luaigh ach 3% Raidió na Life agus 1% Raidió Rí Rá. Cé ndéanann na ceisteanna tagairt dhíreach don raidió, luaigh sciar beag, 6%, TG4 agus luaigh 6% eile stáisiúin raidió eile nach stáisiúin Ghaeilge iad, rud is dócha a léiríonn go rud beag Gaeilge le sonrú ar stáisiúin raidió lárshrutha.

Deir beagnach duine as gach deichniúr gur éist siad le Raidió na Gaeltachta le seachtain anuas. Tá an freagra seo i bhfad níos mó ná mar a thagann chun cinn ar JNLR agus mar sin, is fearr an

chiall a bhaint as gur éisteadh leis le roinnt seachtainí anuas. Tugann sé le tuiscint, áfach, go bhfuil sciar beag ann a fuair taithí ar an stáisiún Gaeilge náisiúnta ag pointe éigin. Níor éist ach 1% le Raidió na Life agus 0.5% le Raidió Rí Rá. I dtaca leis an dá stáisiún seo, ní mór a chuimhneamh go bhfuil réimse craolacháin teoranta ag Raidió na Life – laistigh de raon 8km i gCathair Bhaile Átha Cliath agus níl Raidió Rí Rá ar fáil ar FM ar bhonn lánaimseartha. Beidh tionchar éigin ag na firicí seo ar thorthaí an taighde.



3.3.3 Freagairt don Stáisiún Gaeilge Óige atá Beartaithe

Bhog an t-agallamh ar aghaidh chun coincheap an stáisiúin Gaeilge nua atá beartaithe a iniúchadh go sonrach. I gcomhthéacs cur síos leathan a cuireadh ar fáil,

> *"Is dócha gur stáisiún é a bheadh faoi thionchar an cheoil, a sheinnfeadh ceol agus a chlúdódh ábhair a mbeadh tarraingt mhór orthu do lucht éisteachta óige"*

dúirt beagnach beirt as gach cúigear (38%) gur dócha go n-éistfidís leis. Is é a bhí i gceist le héisteacht an uair seo ná ag tiúnáil isteach ar a laghad uair amháin sa tseachtain.

Tá an dóchúlacht go n-éistfí leis níos airde dóibh siúd a bhfuil cumas maith acu sa Ghaeilge, agus tá an dóchúlacht go n-éistfí níos ísle na an meán dóibh siúd nach bhfuil scileanna Gaeilge acu. Má dhéantar an 38% a mhiondealú, deir 13% go bhfuil an dóchúlacht an-ard go n-éistfidís agus deir 25% go bhfuil an dóchúlacht éigin ann go n-éistfidís. Ar thaobh eile den scála, tá caolseans ann go n-éistfeadh 40% leis.



É sin ráite, tagann freagairt níos dearfaí chun cinn nuair a spreagtar freagróirí le critéir shonracha i dtaca le bealaí a bhféadfadh sé stáisiún Gaeilge nua a bheith éagsúil le stáisiúin óige eile. Luadh cúig chritéar, agus rinne freagróirí machnamh ar gach ceann i dtaca le cé acu a chuirfeadh sé leis an dóchúlacht go n-éistfidís, a bhainfeadh sé den dóchúlacht nó nach ndéanfadh sé difear ar bith.

Tríd is tríd, tá réimsí an idirdhealaithe féideartha seo tarraingteach ar bhonn uilechoiteann, ach arís, tagann an ceol chun cinn ar an rud is mó a mheallfadh éisteoirí – agus ceathrar as gach cúigear ag aontú go mbeadh an dóchúlacht níos airde go n-éistfidís leis an stáisiún, má sheinneann *an stáisiún níos mó den cheol a thaitníonn leat ná aon stáisiún eile*. Bheadh an dóchúlacht níos airde go n-éistfeadh dhá thrian den sampla *má labhraíonn an stáisiún faoi cheisteanna atá tábhachtach dóibh.*



Ar bhonn ginearálta, is iondúil go mbíonn níos mó de luí ná mar is gnách ag an gcohórt níos óige 15-19 mbliana d'aois leis an gceol agus leis na ceisteanna tráthúla agus, rud atá spéisiúil, dá mbeadh an stáisiún saor ó fhógraí. Agus is mó a chomhaontaíonn na daoine a bhfuil inniúlacht mhaith sa teanga acu cheana leis na critéir ar fad.

Tar éis iniúchadh na gcritéar sonracha seo, cuireadh an cheist faoin dóchúlacht éisteachta arís leis an gcur síos seo a leanas,

> *" dá mbeadh formáid a thaitníonn leat ag an stáisiún Gaeilge nua seo, dá seinnfeadh sé an ceol agus dá gclúdódh sé an t-ábhar a thaitníonn leat, cén sórt dóchúlachta a bheadh ann go n-éistfeá leis an stáisiún?"*.

Anois, ardaíonn an dóchúlacht éisteachta go 70%. Deir 33% gur rídhócha go n-éistfidís agus deir 10% gur rí-neamhdhócha go n-éistfidís. Is iad na daoine a bhfuil claonadh níos airde ná an meán i dtreo an choincheapa ná na mná, daoine idir 15-19 mbliana d'aois, daoine a éisteann leis an raidió cheana féin agus daoine a bhfuil scileanna Gaeilge acu.



Is freagairt an-dearfach é seo ach ba cheart breathnú air i bhfianaise smaoineamh leathan coincheapúil a cuireadh amach lena bhreithniú. Níl aon chinnteacht ann go n-éireodh le stáisiún nua leis an lucht éisteachta seo, dá seolfaí é. Tá a fhios againn ó JNLR gur margadh an-iomaíoch é margadh an raidió agus nach mbaineann stáisiún aonair leibhéil arda éisteachta den sórt sin amach, go háirithe i crios(anna) iomaíocha Bhaile Átha Cliath agus comaitéireachta. Feicimid chomh maith nach iondúil go leathnódh an méid ama a bhíonn ar fáil chun éis réir mar a thiocfadh stáisiúin nua nó formáidí nua chun cinn, is é a tharlaíonn, ina ionad sin, go gcuirtear atheagar ar an tacar iomaíoch chun glacadh leis an iarrthóir nua.

É sin ráite, chuirfeadh na torthaí in iúl go bhfuil oscailteacht ann i dtaca le coincheap an stáisiúin nua Gaeilge, agus toilteanas éigin ann triail a bhaint as an stáisiún, dá mbeadh an stáisiún leis an gceol agus an t-ábhar a bheadh tarraingteach don spriocphobal níos óige a chraoladh. Go deimhin, is dócha go bhfuil úsáid na Gaeilge inár gcultúr laethúil níos tráthúla anois ná mar a bhíodh agus, go háirithe le rathúlacht reatha na scannán Gaeilge i bpictiúrlanna lárshrutha, d'fhéadfadh sé gur tionscnamh tráthúil a bheadh ann.

Faoi dheireadh, chun níos mó comhthéacs a chur leis na torthaí, rinne na freagróirí cur síos ar a leibhéal cumais féin sa Ghaeilge. Dúirt beagnach triúr as gach deichniúr (28%) go raibh cumas *maith* acu – 7%, *an-mhaith* agus 21%, *maith go leor*. Is dóchúla ná na grúpaí eile go gcuirfeadh an grúpa is óige in iúl, lucht 15-19 mbliana d'aois, an grúpa, ní nach ionadh, ar dóchúla iad a bheith san oideachas, go bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge acu.


CUMAS SA GHAEILGE
An-mhaith
7%
Cuibheasach maith
21%
Cuibheasach olc
28%
Go holc
19%
Níl Gaeilge ar bith agam
24%
C.9 Conas a dhéanfá cur síos ar an leibhéal Gaeilge atá agat?
Bonn: BAI - Omnipoll 2022 – Gach duine idir 15-34 bliain d'aois
18 – © Ipsos | 22-051796 |BAI Irish Youth Radio Research 2022-JNLR Data Analysis
Ipsos